Focal id' Chluais.

A word in your ear. Meán Fómhair '11.

Comhairle Slándála Baile

1. Ná lig strainséir isteach i do theach riamh: Muna bhfuil tú cinnte go n-aithníonn tú duine a thagann isteach sa chlós nó duine a chnagann ar an ndoras **ná hoscail an doras.** Déin ceann des na rudaí seo:

a. Cuir glaoch ar ghaol nó ar chomharsan.

b. Brú an cnaipe dearg san aonad freagartha éigeandála agus inis do scéal dóibh.

c. Cuir glaoch ar na Gardaí, an uimhir éigeandála ná 999 nó 112 nó cuir glaoch ar Stáisiúin na nGardaí i Maigh Chromtha ag 026 - 20590. Tá na Gardaí i Maigh Chromtha ar fáil 24 uair sa ló.

2. Má thugann tú faoi ndeara go bhfuil carr nó veain amhrasach timpeall na h-áite tóg síos an cláruimhir agus tabhair dos na Gardaí é chun é a imscrúdú. Ná bíodh eagla ort nó ná bí buartha riamh faoi ghlaoch a chuir ar na Gardaí.

3. Bí eolach faoi dhaoine ag teacht go dtí an tigh mar tá an seans ann go bhfuil siad ag ligint orthu gur cuairteoirí proifisiúnta iad agus an t-aon aidhm atá acu ná bealach a fháil isteach sa tigh. Mar shampla féachann seaicéad "high vis", hata cruadh agus suaitheantas an-dhlisteanach ach ní mar sin a bhíonn sé i gcónaí, cuir glaoch chun a bheith cinnte.

4. Ná coimeád ach an méid airgid atá ag teastáil don tseachtain sa tigh.

5. Bíodh teagmháil agat le gaol nó cara gach aon lá.

6. Coiméad do dhoirse agus do fhuinneoga faoi ghlas i gcónaí. Tá sé seo an-thábhachtach go háirithe nuair a osclaíonn tú doras amháin tá fhios agat go bhfuil an doras eile faoi ghlas. Oibríonn gadaithe i mbeirteanna go minic, fhad is atá tú ag caint ag doras amháin le duine díobh tá an gadaí eile ag dul go dtí an doras eile ag iarraidh bealach a fháil isteach id theach.

7. Má tá tú as baile ar feadh tréimhse fada cuir aon sheachadtaí rialta, a fhágfar ag an mbéal dorais ar cheal i dtreo is nach bhfuil tú ag tarraingt aird orthu. Inis dod chomharsa go bhfuil tú le bheith as baile agus iarr orthu súil a choimead ar do theach.

8. Déan do uirlisí go léir, go háirithe dréimirí a stóráil faoi ghlas i dtreo is nach mbeidh tú ag cabhrú le gadaithe.

An Scoraíocht

Ag leanúint ar aghaidh le rath Ceiliúradh an Fhómhair i 2010 tá Cór Réidh na nDoirí chun taispeántas eile a cuir i láthair:

"JOY"

Canadh, Cantaireacht, Sult

17ú lá de mí Meán Fhómhair 2011, ag 4in i Séipéal Réidh na nDoirí

Le Cór Réidh na nDoirí agus an t-Athair De Brún.

Pianó / Orgán, Irene Murphy, Michael Schmidt, Andrea Schmidt.

Bodhrán, Maindilín, Fliúit agus an Phíb Mhór, Pierre Casaubielh.

Sacsafón: Jaap Verheggen, Giotár: Bart Triczka and Noel Ellard.

Tá an cead isteach saor ach is féidir síntiús deonach a thabhairt i dtreo bealach isteach do chathaoir rotha sa séipéal más maith leat.

Ina dhiaidh:

- Ceol agus Seiteanna le Jerry McCarthy agus Liam Forde
- Crannchur le Duaiseanna, Tae agus Caife san Ionad Áise, Réidh na nDoirí

Tá taisteal ar fáil, cuir glaoch ar 026 45661.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le coinne i lár mí Mheán Fómhair. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.
Ealáin: Le Pauline Dodds Hyland, **Máirt 27ú** Meán Fómhair. Cuir glaoch ar 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Teiripeoir Scéimhe: Aisling Ní Laoire, 087 6579894
Cosliacht: Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Ealáin: Le Pauline Dodds Hyland, **Luan 26ú** Meán Fómhair. Cuir glaoch ar 026 47777 nó 087 1378099.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, le coinne 026 45559 / 40999.

Freagraí ón mí seo caite

Cleas Inchinne: Do ainm.
Dúcheist Tapaidh: Cheannaigh Susan trí earraí ar euro an ceann, dhá earra ar dhá euro an ceann agus earra amháin ar thrí euro.

Cleas Inchinne.

Cén fáth gur úsáid an duine a cheap na clúdaigh dúnphoill cinn ciorclach, nuair atá cinn cearnógach níos éasca le déanamh? (Why did the inventor of man-hole covers choose round ones, since square ones were easier to make?)

Dúcheist Tapaidh

Thug éan cloichín amháin thar n-ais go dtí a nead gach lá ar feadh deich lá as a chéile. D'éirigh leis cloichíní le ceithre dhath dhifriúla orthu a bhailiú: dubh, bán, dearg, agus gorm. Tá an méid cloichíní bána cothrom le leath den mhéid cloichíní dubha. Tá an méid cloichíní dubha cothrom le leath den mhéid cloichíní dearga. Cé mhéid cloichíní dubha, bána, dearga, agus gorma atá ann?
(A bird has brought one pebble per day back to its nest for 10 days in a row. It's managed to collect four different colours of pebbles: black, white, red, and blue. There are half as many white pebbles as black ones. There are half as many black pebbles as red ones. How many of each colour pebble are there?)

An Lá is Fliche in Éireann Riamh

Ar an 18ú lá de mí Mheán Fómhair 1993 thit 243.5mm (9.59orlaigh) de bháisteach i Loch Chluain, Contae Chiarraí.

Meabhrúchán Pas agus Ceadúnais

Clárú chun meabhrúchán a fháil nuair atá dáta éaga do phas ag teacht suas: Seolann an tSeirbhís Meabhrúcháin Pas ríomhphost chuig sealbhóirí na bpasanna trí mhí roimh dháta éaga an phas.
Clárú chun meabhrúchán a fháil nuair atá dáta éaga do Cheadúnais Tiomána ag teacht suas: Seolann an tSeirbhís Meabhrúcháin Ceadúnas Tiomána ríomhphost chuig sealbhóirí na gCeadúnas Tiomána trí mhí roimh dháta éaga an Cheadúnais Tiomána. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na seirbhísí seo ar www.gov.ie. Ar an suíomh seo dean cliceáil ar 'more than 300 services' san roinn 'online services'. Tá na seirbhísí go léir in ord aibítre. Tá an eolas faoi na meabhrúchán suite i gcuid R den liosta.

Glenroe

Craoladh an chéad chlár de "Glenroe" ar an 11ú Meán Fómhair 1982. B'é an dara sobaldráma tuaithe mór a bhí ag RTÉ i ndhiaidh "The Riordans". B'iad Dinny, (Joe Lynch) agus Miley, (Mick Lally), athair agus mac a bhí i "Bracken"mar na príomh carachtair sa sobaldráma nua seo. I "Glenroe" bhog Dinny agus Miley go dtí lár-thuaisceart Chill Mhantáin chun glasraí a fhás. Deineadh an tsraith seachtainiúil seo a thaifeadta i gCill Chomhghaill, Bhaile an Chinnéidigh agus i stiúideo RTÉ. Ba é an clár teilifíse ab fhearr le muintir na hÉireann agus lean sé go dtí 2001.

Ócáid Stairiúil i mí Meán Fómhair

1. 4ú Meán Fómhair 1888 – Cláraíonn George Eastman an trádmharc Kodak agus faigheann sé paitinn dá cheamara a úsáideann scannán spóil.
2. 28ú Meán Fómhair 1928 – Thugann Sir Alexander Fleming faoi ndeara go raibh baictéir, a bhí in ann múscán a mharú, ag fás ina shaotharlann. Bhí penicillin aimsithe aige.
3. 29ú Meán Fómhair 1916 – Bhí John D. Rockefeller mar an chéad billiunaí ar domhain.

Páirc an Chrócaigh

Sé Meán Fómhair an mhí is tábhachtaí don CLG nuair a bhíonn Cluichí Ceannais na hÉireann imeartha i bPáirc an Chrócaigh. Seo fíricí faoi an staid iontach seo. Sé Páirc an Chrócaigh an ceathrú staid is mó san Eoraip. An slua ba mhó riamh i bPáirc an Chrócaigh na 90,556 nuair a bhuail an Dún agus Uíbh Fhailí lena chéile i gCluiche Ceannais na hÉireann sa pheil i 1961. Bhris Páirc an Chrócaigh an curiarracht domhanda do shlua ag cluiche rugbaí na gclub nuair a d'imir Cúige Mumhan in aghaidh Cúige Laighin i 2009. D'fhreastal breis is 80,000 daoine ar an gcluiche agus ní raibh an curiarracht seo briste ó shin. Clúdaíonn Páirc an Chrócaigh 700,000 troithe cearnaithe nó 16 acra. Tá an scáileán is mó faoin aer in Eoraip suite sa staid seo. Tá an beár is mó in Éirinn suite laistigh den staid. An 'Davin bar' a glaotar air. Tá an páirc imeartha beagnach dhá oiread níos mó ná páirc sacair.